2025/262

6.2.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/262 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Feabhra 2025

lena n-athosclaítear an t-iascach le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir ag soithí faoi bhratach na Gréige, trí Rialachán (AE) 2024/3250 a aisghairm

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú ([1]), lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2024.

(2) An 4 Nollaig 2024 thug an Ghréig fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 35(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, faoina cinneadh toirmeasc a chur ar iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir ón 7 Samhain 2024.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/3250 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh toirmeasc i gcás soithí faoi bhratach na Gréige iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir.

(4) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún an 10 Nollaig 2024 ó údaráis na Gréige, tá cainníocht ar fáil arís don Ghréig le haghaidh chuóta an stoic sin tar éis malartuithe deiseanna iascaireachta arna dtabhairt i gcrích faoi Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Dá bhrí sin, ba cheart an t-iascach le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir ag soithí faoi bhratach na Gréige nó atá cláraithe sa Ghréig a athoscailt go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

(5) Ba cheart éifeacht a bheith ag athoscailt an iascaigh sin an 9 Nollaig 2024, chun go bhféadfar iascaireacht a dhéanamh ar an gcainníocht tuinníní gorma atá i gceist roimh dheireadh 2024.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/3250 a aisghairm le héifeacht ón 9 Nollaig 2024.

(7) Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, mar go bhfuil cuóta ar fáil arís le haghaidh an stoic sin,

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/3250 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2024 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir i gcás soithí faoi bhratach na Gréige (IO L, 2024/3250, 31.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3250/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athosclaítear an t-iascach le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir le haghaidh shéasúr iascaireachta 2024 ag soithí faoi bhratach na Gréige nó atá cláraithe sa Ghréig dá dtagraítear san Iarscríbhinn

Aisghairtear Rialachán (AE) 2024/3250.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 9 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Costas KADIS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	32/TQ257 – Athoscailt
Ballstát	An Ghréig
Stoc	BFT/AE45WM (lena n-áirítear na coinníollacha speisialta BFT/*641, BFT/*643, BFT/*8301, BFT/*8302, BFT/*8303F)
Speiceas	An tuinnín gorm (*Thunnus thynnus*)
Limistéar	An tAigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus an Mheánmhuir
Dáte an iaimh	7 Samhain 2024
Dáta athoscailte	9 Nollaig 2024